Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Márta 2026
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0435 (COD)**

**7301/1/26**
**REV 1 ADD 1**

**CODEC 444**
**CONSOM 85**
**MI 246**
**COMPET 326**
**TOUR 10**
**TRANS 152**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2015/2302 chun cosaint taistealaithe a dhéanamh níos éifeachtaí agus chun gnéithe áirithe den Treoir sin a shimpliú agus a shoiléiriú **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**D'iarr an Iodáil go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Vótálann an Iodáil i bhfabhar Threoir [2023/0435 (COD)] a ghlacadh, agus aithníonn sí na hiarrachtaí a rinneadh chun cothromaíocht a bhaint amach idir cosaint tomhaltóirí agus riachtanais earnáil na turasóireachta.

Mar sin féin, is mian leis an Iodáil a chur in iúl gur cúis mhór imní di imeachtaí atá suntasach don domhan uile a bheith ag tarlú arís tar éis na paindéime COVID-19, ar nós an chogaidh san Úcráin agus na gcoinbhleachtaí sa Mheánoirthear agus sa Mhurascaill, a bhfuil tionchar díreach acu ar gheilleagair na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear earnáil na turasóireachta agus, go háirithe, athléimneacht earnáil na turasóireachta eagraithe.

Go háirithe, cuireann an Iodáil in iúl gur cúis imní di Airteagal 12 agus Airteagal 12a, a bhaineann leis an gceart chun tarraingt siar agus rialáil dearbhán, nár cuireadh san áireamh go leordhóthanach iontu tionchar suaiteach na dteagmhas ar nós na gceann a luaitear, a bhfuil solúbthacht ag teastáil ina leith agus nach mór aghaidh a thabhairt orthu le huirlisí sistéamacha ionas nach gcuirfear ualaí díréireacha airgeadais agus eagraíochtúla ar oibreoirí, go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Le blianta beaga anuas, is rómhinic a bhíonn ar oibreoirí turasóireachta eagraithe dul i ngleic le hualach na n-imeachtaí gan choinne – ar nós na coinbhleachta a bhí ann le déanaí – a bhfuil a scála agus a dtionchar eacnamaíoch i bhfad rómhór dá samhlacha gnó, agus nach bhfuil aon bhaint acu leis an ngnáthchosaint tomhaltóirí atá i gcroílár na Treorach maidir le Taisteal Láneagraithe, atáimid ar tí a fhormheas ina foirm athbhreithnithe. Le cumhdach árachais nó le leigheasanna caighdeánacha eile faoin dlí príobháideach, eisiatar earnáil na turasóireachta eagraithe nó ní chosnaítear go leordhóthanach í ar ghníomhartha cogaidh nó ar ghéarchéimeanna a bhaineann an bonn de shábháilteacht taistealaithe ar bhealaí nó i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas Eorpach.

Dá bhrí sin, iarrann an Iodáil ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag an easpa solúbthachta sna rialacha maidir leis na himeachtaí a luaitear, agus tá sí réidh chun comhoibriú maidir le bearta ceartaitheacha a fhorbairt amach anseo nó chun a mholadh don Choimisiún Eorpach saoráid chistiúcháin a bhunú, mar shampla faoin gCiste um Iomaíochas, nó scéim státchabhrach le haghaidh na n-éigeandálaí sin, ar léir gur de chineál athfhillteach iad agus a bhfuil tionchair shistéamacha thromchúiseacha acu ar earnáil na turasóireachta eagraithe agus, dá réir sin, ar bhealaí éagsúla, ar thomhaltóirí deiridh.